Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2025/2156(DEC)

7.4.2026

TUAIRIM

ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach

maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ghníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024
(2025/2156(DEC))

Rapóirtéir don tuairim: Evin Incir

PA_NonLegDec

TUAIRIM

Iarrann an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile ar an gCoiste um Rialú Buiséadach, mar an coiste atá freagrach, an méid seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á iarraidh ar ghníomhaireachtaí uile CGB iniúchtaí éifeachtúlachta inmheánacha a threisiú agus dúbláil struchtúr riaracháin a sheachaint; á áitiú nach mór táscairí feidhmíochta intomhaiste a bheith ag gabháil le gach méadú ar an mbuiséad nó ar an bhfoireann

(Tabhair faoi deara go dtagann a bhreis roimh Chuid I)

Cuid I – Urscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil don bhliain airgeadais 2024

2. á thabhairt dá haire go bhfuil méadú seasta tagtha ar ghníomhaíocht oibríochtúil Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust), lenar bhain láimhseáil 12 972 chás in 2024, os cionn 640 cruinniú comhordúcháin, 32 lárionad comhordúcháin agus 361 Fhoireann Chomhpháirteacha um Imscrúdú (méadú bliantúil 25 %), lena n-éascaítear forghníomhú 452 Bharántas Gabhála Eorpach agus úsáid 2 668 nOrdú Imscrúdaithe Eorpacha;

3. ag moladh na ngnóthachán éifeachtúlachta atá bainte amach ag Eurojust trí 99,94 % dá bhuiséad agus 98,35 % dá phlean bunaíochta a chur chun feidhme; á thabhairt dá haire gur baineadh na torthaí sin amach in aghaidh srianta buiséadacha tábhachtacha a eascraíonn as ualach oibre oibríochtúil méadaithe agus as boilsciú ard;

4. á chur in iúl gur geal léi tacaíocht Eurojust do ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an gcogadh foghach in aghaidh na hÚcráine, leis an bhFoireann Chomhpháirteacha um Imscrúdú a dhéanann imscrúdú ar chroíchoireanna idirnáisiúnta líomhnaithe, le cur chun feidhme Bhunachar sonraí fianaise i leith na gcoireanna idirnáisiúnta is tromchúisí agus leis an tacaíocht d'fhorbairt an Lárionaid Idirnáisiúnta um Ionchúiseamh Choir an Fhogha arna óstáil ag Eurojust; á áitiú gur gá acmhainní leordhóthanacha airgeadais agus daonna a thiomnú do na gníomhaíochtaí sin agus dá bhforbairt;

5. á chur in iúl gur geal léi seoladh an Líonra Bhreithiúnaigh Eorpaigh um an gCoireacht Eagraithe i mí Mheán Fómhair 2024 agus d'óstáil ag Eurojust, mar mhol uathúil malartaithe saineolais idir údaráis bhreithiúnacha a bhfuil baint acu leis an gcoireacht eagraithe a imscrúdú agus a ionchúiseamh; á chur i bhfios gur gá straitéis forbartha chomhleanúnach a shainiú do Líonra Breithiúnach Eorpach um an gCoireacht Eagraithe chun a ábharthacht do chleachtóirí a mhéadú;

6. á chur in iúl gur geal léi gur thug Eurojust socruithe oibre i gcrích le tríú tíortha agus gur glacadh straitéis maidir le comhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta (2024-2027); á iarraidh go neartófaí a ghníomhaíochtaí comhair idirnáisiúnta trí shocruithe oibre a fhorbairt tuilleadh, trí chomhpháirtíochtaí agus comhaontuithe comhair a thabhairt i gcrích;

7. á chur in iúl gur geal léi dlúthchomhar Eurojust le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus socrú na meithle idirghníomhaireachta chun deiseanna comhair a fhiosrú tuilleadh; á áitiú go dtugann timthriall athbhreithnithe reachtaigh Eurojust, Europol agus Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) deis uathúil chun sineirgí eatarthu a fheabhsú tuilleadh go háirithe sa chomhar oibríochtúil, i malartú sonraí agus faisnéise, agus comhlántacht á háirithiú agus dúbailt nó forluí ina sainchúram dlíthiúil á seachaint ag an am céanna;

8. á iarraidh ar Europol pointe teagmhála tiomnaithe a ainmniú do Eurojust, a bheidh freagrach as malartú faisnéise a éascú, as idirchaidreamh a áirithiú i gcásanna comhpháirteacha agus as feabhas a chur ar an gcomhordú idir Foirne Comhpháirteacha um Imscrúdú (JITanna) Eurojust agus tascfhórsaí oibríochtúla Europol;

9. á iarraidh, thairis sin, go mbeadh idir-inoibritheacht spriocdhírithe ann idir Eurojust agus Europol, lena n-áiritheofar comhréireacht, deimhneacht dhlíthiúil agus rúndacht, chun feabhas a chur ar luathbhrath na nasc idir imscrúduithe breithiúnacha agus imscrúduithe forfheidhmithe dlí;

10. á thabhairt dá haire, agus é ina chúis mhór imní di, go bhfuil moilleanna tábhachtacha ar chur chun feidhme an Chórais Bainistithe Cásanna nua; á thabhairt chun suntais go bhfuil baol ann go mbeidh tionchar ag na moilleanna sin ar inghlacthacht fianaise i gcásanna a láimhseálann Eurojust, lena n-áirítear iad siúd a stóráiltear in CICED; á iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach agus ar Eurojust amlíne thrédhearcach agus plean bainistithe riosca a bhunú go comhpháirteach don Chóras Bainistithe Cásanna, lena n-áiritheofar leanúnachas oibríochtúil agus sláine sonraí i ngach imscrúdú leanúnach; á iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach measúnuithe tionchair córasacha agus meastacháin iarrachta a dhéanamh agus córais chasta TF á bhforbairt, go háirithe nuair a thugtar isteach spriocdhátaí dá mbunú agus dá n-oibriú sna tograí reachtacha;

Cuid II – Urscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha don bhliain airgeadais 2024

11. á chur in iúl gur geal léi go raibh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) in ann a cuspóirí a chomhlíonadh agus na gníomhaíochtaí dá bhforáiltear ina Clár Oibre Bliantúil a bhaint amach d'ainneoin an ghanntanais leanúnaigh maidir le hacmhainní daonna agus airgeadais go háirithe ó leathnaíodh sainordú FRA go suntasach; á thabhairt dá haire agus á athdhearbhú gur cúis imní di go bhfuil FRA fós ag fulaingt ó shrianta atá lena hacmhainní airgeadais agus foirne; Agus á iarraidh go ndéanfaí acmhainní breise a leithdháileadh ar FRA i dtéarmaí buiséid agus foirne araon, ag tabhairt dá haire gurbh é 102 líon na bhfoilseachán a táirgeadh i gcomparáid leis an sprioc atá leagtha síos de 50, gurbh é 223 líon na gcruinnithe agus na n-imeachtaí seachtracha ina ndearna FRA cur i láthair/caint/idirghabháil fhoirmiúil i gcomparáid leis an sprioc atá leagtha síos de 120, gurbh é 520 líon na n-ionchur i scríbhinn/ó bhéal a seachadadh i gcomparáid leis an sprioc atá leagtha síos de 120, agus gurbh é 3 617 líon na n-ábhar cumarsáide a táirgeadh i gcomparáid leis an sprioc atá leagtha síos de 1 000; á thabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, go bhfuil leibhéal an-ard olltoraidh ag FRA, leibhéal atá os cionn 99 %; á mheas gur táscaire tábhachtach é ar bhainistíocht fhónta airgeadais agus ar urramú na bprionsabal buiséadach; á chur in iúl gur geal léi an comhar le

gníomhaireachtaí eile den Aontas; comhlachtaí idirnáisiúnta agus náisiúnta um chearta an duine agus an tsochaí shibhialta chun a áirithiú go gcomhlíonfar cearta bunúsacha; á chur i bhfios go láidir gur féidir leis an easpa acmhainní difear a dhéanamh do cháilíocht na hoibre a chuir an ghníomhaireacht ar fáil, rud a bhí an-tábhachtach chun a áirithiú go gcuirfear cearta bunúsacha san áireamh i mbeartas agus i reachtaíocht an Aontais;

12. á thabhairt chun suntais go bhfuil ról ag FRA mar phríomhghníomhaí i réimse na gceart bunúsach agus ar an smacht reachta, mar a chumhdaítear sa Chairt um Chearta Bunúsacha arb é dlí príomha an Aontais é, agus ag moladh a thacaíochta chun a áirithiú go n-urramófar, go gcosnófar agus go gcomhlíonfar cearta bunúsacha i ndlíthe agus i mbeartais an Aontais atá ann cheana, lena n-áirítear a rannchuidiú le tionscnaimh chomhionannais agus frith-idirdhealaithe, amhail gnéasachas, ciníochas, frithsheimíteachas agus ioslamafóibe a chomhrac, tacú le bailiú sonraí comhionannais, cabhrú le creataí straitéiseacha náisiúnta maidir leis na Romaigh a chur chun feidhme, agus ionchur a sholáthar do thuarascálacha ón gCoimisiún maidir le Plean Gníomhaíochta Frithchiníochais an Aontais Eorpaigh, 2020-2025 agus pleananna gníomhaíochta náisiúnta gaolmhara, Straitéis Comhionannais LADTIA 2020-2025, agus an chéad tuarascáil ar dhul chun cinn i ndáil le Straitéis an Aontais maidir leis an bhFrithsheimíteachas a Chomhrac agus Saol na nGiúdach a Chothú; ag aithint ról tábhachtach FRA in ullmhú na Tuarascála bliantúla ón gCoimisiún maidir leis an Smacht Reachta; á chur i bhfáth go bhfuil ról tábhachtach ag FRA maidir le cosaint na sochaí sibhialta a chur chun cinn agus cosantóirí chearta an duine atá i mbaol a choimirciú; maidir le taighde agus tacaíocht fothaithe acmhainneachta a sholáthar a bhaineann le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus le caighdeáin idirnáisiúnta maidir le cearta an duine; agus an Tuarascáil bhliantúil ar Chearta Bunúsacha; á mheas, áfach, nach mór leathnú shainordú FRA a bheith comhréireach i gcónaí lena phríomh-mhisean;

13. á chur in iúl gur geal léi an chéad tionscadal de FRA chun fadbhreathnaitheacht straitéiseach a chur ar fáil i réimse na gceart bunúsach, arb é is aidhm dó na dúshláin a bheidh ann amach anseo maidir le cearta bunúsacha a réamh-mheas agus a chur ar chumas na gníomhaireachta tacaíocht níos fearr a thabhairt do cheapadh beartais an Aontais agus do na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn;

14. ag leagan béim ar threoir agus ar rannpháirtíocht FRA i réimse an tearmainn agus na himirce, na dteorainneacha agus na hidir-inoibritheachta agus ar a fhócas tábhachtach ar chearta bunúsacha, ar oibleagáidí idirnáisiúnta na mBallstát agus ar dhlí an Aontais maidir le cearta an duine sa réimse sin, lena n-áirítear obair na Gníomhaireachta maidir le beartais imirce arb é is aidhm dóibh iad a cheapadh agus a chur chun feidhme agus lánurraim á tabhairt do chearta bunúsacha, agus na seisiúin oiliúna a reáchtáiltear d'údaráis náisiúnta, lena n-áirítear béim ar choimircí um chearta bunúsacha san imirce agus sa tearmann;

15. á chur in iúl gur geal léi rannchuidiú FRA leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga, an saineolas a cuireadh ar fáil maidir le cur chun feidhme an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha, agus an tuarascáil a d'fhoilsigh an Ghníomhaireacht maidir leis na dúshláin a bhaineann leis an rialachán ginearálta maidir le cosaint sonraí (RGCS) a

chur chun feidhme, lena gcuirtear bonn eolais faoi mheastóireacht an Choimisiúin Eorpaigh ar an rialachán; á thabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, an obair a chuir FRA ar fáil maidir le hábhar díobhálach ar líne agus cleachtais mhodhnóireachta, lena bhfeabhsaítear bailiú sonraí maidir leis an bhfuathchaint ar líne agus maidir leis an gcibearchoireacht agus cearta bunúsacha;

Cuid III – Urscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann don bhliain airgeadais 2024

16. ag tabhairt dá haire gur chinn Parlaimint na hEorpa, an 7 Bealtaine 2025, a cinneadh maidir le hurscaoileadh a dheonú do Stiúrthóir Feidhmiúcháin Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann i leith chur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2023 a chur siar mar gheall ar imscrúdú OLAF atá ar tí tarlú a bhaineann le saincheisteanna a líomhnaítear a dhéanann difear dá bainistiú airgeadais; ag tabhairt dá haire gur dheonaigh Parlaimint na hEorpa urscaoileadh do EUAA an 22 Deireadh Fómhair 2025, lenar cuireadh roinnt moltaí ar fáil don Ghníomhaireacht; á athdhearbhú a thábhachtaí atá sé na moltaí uile arna n-eisiúint ag an bParlaimint i bhfianaise nós imeachta urscaoilte 2024 a chur chun feidhme go hiomlán;

17. á thabhairt dá haire gur cuireadh isteach os cionn 1 milliún iarratas ar chosaint idirnáisiúnta in 2024 (-11 % i gcomparáid le 2023), agus fós féin d'eisigh tíortha an Aontais+ 746 000 cinneadh lenar deonaíodh cosaint shealadach; á thabhairt chun suntais go bhfuil tacaíocht oibríochtúil agus theicniúil leanúnach curtha ar fáil ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) do na Ballstáit sa chomhthéacs sin, go háirithe le pleananna oibríochtúla i 13 Bhallstát*[11]*, rud a chuireann lena n-acmhainneacht náisiúnta iarratais ar thearmann a phróiseáil agus glacadh a chur ar fáil; á thabhairt dá haire, thairis sin agus é ina dhíol sásaimh di, go dtagann forbairt ar oibríochtaí EUAA de réir na riachtanas ar an láthair; is díol sásaimh di go bhfuil méadú ag teacht ar an úsáid a bhaineann na Ballstáit as Saoráid um Thacaíocht Athlonnaithe EUAA sa Tuirc i réimse an athlonnaithe, rud a fhágann go bhfuil tacaíocht á thabhairt do 34 mhisean athlonnaithe, agus cúnamh á thabhairt do 4 100 duine sa chomhthéacs sin;

18. á chur in iúl gur mór aici gur chuir EUAA 1 200 seisiún oiliúna ar fáil, a d'fhreastail 18 000 rannpháirtí orthu, rud a léiríonn méadú 28 % i gcomparáid le 2023; á thabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, go bhfuair EUAA aitheantas oifigiúil mar sholáthraí breisoideachais agus ardoideachais, i gcomhar le húdaráis Mhálta, tar éis obair fhadtréimhseach agus thiomanta; á chur in iúl go bhfuil sí cinnte gur cloch mhíle é sin maidir leis an gcuraclam oiliúna a chlaochlú ina uirlis uathúil lena gcothaítear cur chuige coiteann maidir le bainistiú tearmainn agus imirce laistigh den Aontas; á chur in iúl gur geal léi gur glacadh an clár faireacháin ilbhliantúil, lena mbunaítear ord an chéad timthrialla faireacháin do chur i bhfeidhm oibríochtúil agus teicniúil an Chomhchórais Tearmainn Eorpaigh, idir 2026 agus 2030; á chur in iúl gur geal léi freisin gur bunaíodh modheolaíocht chomhchoiteann do na cleachtaí faireacháin sin;

19. á aithint rannchuidiú mór EUAA i réimse na faisnéise agus na treorach faoin tír thionscnaimh, chomh maith le feasacht staide agus bailiú sonraí nasctha;

20. á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí EUAA a ábhair thacaíochta uile a thabhairt cothrom le dáta go tráthúil tar éis na reachtaíochta nua agus tar éis ghlacadh an Chomhshocraithe Nua maidir le hImirce agus Tearmann agus á chur in iúl gur mór aici an rannchuidiú agus an tacaíocht a chuireann EUAA ar fáil agus teacht i bhfeidhm an Chomhshocraithe á ullmhú, inter alia ag 11 tháirge a bhaineann leis an gComhshocrú, rud atá ríthábhachtach chun na Ballstáit agus cleachtóirí a threorú ina gcuid oibre; á iarraidh, áfach, go roinnfí na doiciméid sin leis an bParlaimint i socruithe neamhrúnda chun críche trédhearcachta agus éifeachtúlachta araon;

21. á thabhairt dá haire buiséad EUR 172 mhilliún EUAA in 2024 agus a 592 phost foirne (i gcomparáid le 529 bpost in 2023); á iarraidh go mbeadh leibhéil iomchuí cistithe agus foirne ann do EUAA, agus an méadú suntasach ar na cúraimí a chuirtear ar an ngníomhaireacht i gcomhthéacs chur chun feidhme an Chomhshocraithe Nua maidir le hImirce agus Tearmann á chur san áireamh; á chur in iúl gur oth léi nár bhain na poist líonta in 2024 ach 508 bpost amach; ag moladh fhoireann EUAA as a dtiomantas agus as aschur a gcuid oibre, d'ainneoin líon suntasach post a bheith folamh mar aon le hualach oibre ard dóibh sin atá ag obair; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé timpeallacht dhearfach oibre a chothú arna héascú le bealaí cumarsáide oscailte agus le luach saothair bunaithe ar fhiúntas; ag tathant ar EUAA dlús a chur le próisis earcaíochta chun gach post oscailte a líonadh;

22. Ag tabhairt dá haire gur tháinig feabhas ar EUAA le 99 % de na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus 95 % de na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a chur chun feidhme, agus ag spreagadh EUAA cáilíocht na sásraí rialaithe inmheánaigh a mhionsaothrú agus a mhéadú tuilleadh; ag tathant ar EUAA tuairisciú don Pharlaimint go tréimhsiúil maidir le cur chun feidhme na moltaí i scríbhinn arna n-eisiúint ag an mBord Bainistíochta in 2025, maidir leis na gníomhaíochtaí ceartaitheacha a d'fhógair an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ina 'Físráiteas maidir le ceannaireacht lena gcuirtear na hathruithe chun feidhme in EUAA'; á athdhearbhú a thábhachtaí atá rannpháirtíocht réamhghníomhach ón mBord Bainistíochta maidir leis an treoshuíomh do ghníomhaíochtaí EUAA a stiúradh, agus á mheabhrú a thábhachtaí atá sé nósanna imeachta agus struchtúr éifeachtúil agus trédhearcach a áirithiú a bhunófar d'fhonn cumarsáid a dhéanamh leis an mBord Bainistíochta lena gceadófar maoirseacht thráthúil agus éifeachtach a fheidhmiú; á iarraidh ar an gCoimisiún tacú le Comhaltaí an Bhoird Bainistíochta agus cúnamh a thabhairt dóibh agus a ról maoirseachta á fheidhmiú acu;

23. á iarraidh ar EUAA feidhm eitice inmheánach neamhspleách a bhunú; ag moladh do EUAA aghaidh a thabhairt go daingean ar na laigí i mbainistiú acmhainní daonna a léiríodh i dtuarascáil OLAF, a pléadh sa Choiste um Rialú Buiséadach an 15 Iúil 2025, d'fhonn sláine agus muinín laistigh den eagraíocht a choinneáil ar bun;

24. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé an forléargas parlaiminteach a neartú d'fhonn cuntasacht EUAA a fheabhsú agus á iarraidh an athuair ar an ngníomhaireacht miontuairiscí phléití an Bhoird Bainistíochta a roinnt; i bhfianaise rannpháirtíocht Pharlaimint na hEorpa sna hábhair a rialaítear le Rialachán EUAA; á iarraidh ar an mbord bainistíochta cuireadh a thabhairt do shaineolaí ó Pharlaimint na hEorpa go córasach freastal ar chruinnithe an bhoird bainistíochta;

25. á chur in iúl gur geal léi gur glacadh an chéad straitéis um chearta bunúsacha den EUAA agus na pleananna gníomhaíochta atá le leanúint; á chur in iúl gur geal léi gur bunaíodh sásra gearán agus an leathanach gréasáin tiomnaithe chun rochtain ar an sásra a éascú; á chur in iúl gur mór aici na 24 bharúil a chuir an t-oifigeach um chearta bunúsacha isteach tar éis anailís a dhéanamh ar phleananna oibríochtúla, meastóireachtaí ar chur chun feidhme pleananna oibríochtúla agus cuairteanna allamuigh ar oibríochtaí EUAA; á chur in iúl gur geal léi an chéad Tuarascáil Bhliantúil ó Oifig an Oifigigh um Chearta Bunúsacha, ina dtugtar forléargas ar ghníomhaíochtaí in 2024;

Cuid IV – Urscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais don bhliain airgeadais 2024

26. á chur in iúl gur geal léi éachtaí oibríochtúla Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA) in 2024, lena n-áirítear comhdhlúthú SIS, VIS agus oibríochtaí Eurodac, nascadh Frontex le SIS, lena gcumasaítear rochtain iomlán ar VIS don Bhulgáir agus don Rómáin, agus táthcheangal foirmiúil bhainistiú oibríochtúil chóras e-CODEX; á thabhairt dá haire freisin ullmhúcháin na gníomhaireachta do chóras nua Eurodac, atá le soláthar faoi mhí an Mheithimh 2026 le haghaidh príomhfheidhmiúlachtaí, agus tús a chur le forbairt Ardán Comhoibrithe na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú; á mheabhrú gur gá an acquis cosanta sonraí is infheidhme a chomhlíonadh go hiomlán;

27. á thabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, go ndearna eu-LISA 100 % dá leithreasuithe faoi chomhair gealltanas atá coibhéiseach le EUR 307,39 milliún a fhorghníomhú in 2024 agus gur chuir sé a leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí de EUR 260,11 milliún chun feidhme go hiomlán, lena n-áirítear tabhairt ar aghaidh; á chur in iúl gur geal léi an laghdú suntasach thart ar 50 % ar thabhairt ar aghaidh ó 2024 go 2025 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, agus ar an gcaoi sin aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní a bhí ag an bParlaimint roimhe sin, ach á chur in iúl gur oth léi go raibh ráta cealaithe na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí fós ard ag 14,5 %;

28. á chur i bhfios go láidir a phráinní atá sé an ailtireacht idir-inoibritheachta a chur i gcrích, agus ceachtanna an chleachtaidh chomhpháirtigh á gcur san áireamh, agus á chur i bhfáth go bhfuil malartú tapa agus iontaofa faisnéise ríthábhachtach do limistéar saoirse, slándála agus ceartais an Aontais;

29. á chur in iúl gur oth léi nach bhféadfadh an Córas Dul Isteach/Imeachta (EES) teacht i bhfeidhm i mí na Samhna 2024 ach á chur in iúl gur geal léi na bearta a ghlac eu-LISA chun dlús a chur leis an dul chun cinn agus chun a ráthú go dtiocfaidh an córas i bhfeidhm de réir a chéile ón 12 Deireadh Fómhair 2025 ar aghaidh;

30. á chur in iúl gur geal léi fócas neartaithe eu-LISA ar an gcibearshlándáil, lena n-áirítear faireachán 24/7, freagairt ar theagmhais agus freachnaimh a oibriú i gcomhar le Líonra Gníomhaireachtaí CGB; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé rialacháin nua an Aontais maidir le cibearshlándáil agus slándáil faisnéise a chur chun feidhme go

tráthúil;

31. á thabhairt dá haire go ndearna EU-LISA iarrachtaí in 2024 úsáid éifeachtach a bhaint as a acmhainní airgeadais agus daonna; á aithint a thábhachtaí atá sé rátaí áitíochta a fheabhsú tuilleadh agus gur gá spleáchas ar chonraitheoirí seachtracha a laghdú trí acmhainneachtaí inmheánacha a neartú; á chur in iúl gur geal léi an plean gníomhaíochta straitéiseach bainistithe chun feabhas a chur ar sholáthar an chórais, chun cumas forbartha inmheánach a fhorbairt, chun feabhas a chur ar bhainistiú tallainne agus chun caidreamh na bpáirtithe leasmhara a neartú; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear acmhainní leordhóthanacha ar fáil do eu-LISA chun teacht lena shainordú atá ag dul i méid;

32. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá clár méadaithe acmhainneachta eu-LISA chun acmhainní leordhóthanacha lárionaid sonraí a áirithiú do chórais TF nua agus do chórais TF atá ann cheana agus á chur in iúl gur geal léi na bearta leanúnacha chun feabhas a chur ar phleanáil agus faireachán iontaofa buiséid; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé an straitéis foinsithe a thabhairt chun críche agus an acmhainneacht inmheánach a mhéadú chun spleáchas ar chonraitheoirí seachtracha a laghdú; á iarraidh idir an dá linn go méadófaí an mhaoirseacht ar chonraitheoirí, agus íogaireacht na sonraí a láimhseálann an ghníomhaireacht á cur san áireamh freisin;

Cuid V – Urscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta don bhliain airgeadais 2024

33. á mheabhrú gur mhéadaigh buiséad na Gníomhaireachta ó EUR 118 milliún in 2011 go EUR 922 mhilliún in 2024 mar thoradh ar an sainordú athbhreithnithe agus i gcomhréir le cinntí buiséadacha a glacadh sa tréimhse sin; ag tabhairt dá haire gur gá cuntasacht agus trédhearcacht a bheith ag gabháil leis na hinniúlachtaí méadaithe agus leis an mbuiséad méadaithe, agus acmhainneacht oibríochtúil iomlán na Gníomhaireachta á háirithiú ag an am céanna chun a sainordú a chomhlíonadh go héifeachtach, lena n-áirítear urraim do chearta bunúsacha;

34. á aithint go ndearna an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann (Frontex) bearta suntasacha in 2024 chun a treo straitéiseach agus a cumais oibríochtúla a ailíniú leis an gComhshocrú Nua maidir le hImirce agus Tearmann trí phlean gníomhaíochta inmheánach a chur chun feidhme chun tacú leis na Ballstáit an Comhshocrú a chur i bhfeidhm, trí rannchuidiú le sásra an Aontais um Ullmhacht agus Bainistiú Géarchéimeanna a bhaineann leis an imirce (Treoirphlean Ullmhachta Imirce agus Géarchéime), agus trí Straitéis Comhair Idirnáisiúnta Frontex 2024-2026 a ghlacadh;

35. á chur in iúl gur chuir Frontex an slabhra ceannais nua chun feidhme in 2024, lenar ceadaíodh cinnteoireacht dhíláraithe agus freagairt níos tapa ar riachtanais oibríochtúla atá ag teacht chun cinn ar an leibhéal áitiúil; á aithint gur féidir leis an tsamhail nua eagrúcháin agus ghnó a áirithiú go ndéanfar oibríochtaí a bhainistiú ar bhealach níos solúbtha, níos oiriúnaithí agus níos costéifeachtúla i gcomparáid leis an gcóras a bhí ann roimhe seo; á iarraidh ar an ngníomhaireacht na socruithe nua a thagarmharcáil, cuspóirí cainníochtúla agus cáilíochtúla a leagan síos agus tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn; á chur in iúl gur geal léi, thairis sin, gur glacadh Anailís Riosca Straitéiseach 2024;

36. á chur in iúl gur geal léi, thairis sin, gur dhoimhnigh Frontex a chomhpháirtíocht le EUAM Ukraine freisin, lena dtreisítear bainistiú comhtháite teorainneacha agus slándáil ag an teorainn idir an tAontas agus an Úcráin le linn na coinbhleachta leanúnaí;37.

37. á thabhairt chun suntais go bhfuil ról lárnach ag Frontex maidir le teorainneacha seachtracha an Aontais a chosaint; ag aithint a róil in oibríochtaí Cuardaigh agus Tarrthála (SAR), le sócmhainní muirí agus aeir imscartha in oibríochtaí comhpháirteacha a d'fhreagair do 1 599 dteagmhas agus a chuidigh le 65 919 n-imirceach; ag athdhearbhú a hiarrata go mbunófaí misean cuimsitheach SAR de chuid an Aontais arna chur chun feidhme ag údaráis inniúla na mBallstát agus ag Frontex, a d'fhéadfadh básanna ar muir a laghdú go suntasach;

38. á chur in iúl gur geal léi an obair leantach réamhghníomhach a rinne Frontex maidir le gearáin a bhaineann le cearta bunúsacha; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá dlúthchomhar leis na húdaráis náisiúnta chun a áirithiú go ndéanfar obair leantach iomchuí ar sháruithe líomhnaithe ar chearta bunúsacha i gcomhréir le sásraí náisiúnta; á mholadh, áfach, gur cheart feabhas a chur ar an sásra gearán chun a éifeachtacht a neartú, ós rud é go bhfuil roinnt gearán a bhaineann le cearta bunúsacha fós á ndiúltiú mar gheall ar neamh-inghlacthacht; á thabhairt dá haire gur thug 'Meitheal Airteagal 46', a bunaíodh an 27 Meán Fómhair 2022 chun próiseas cinnteoireachta an Stiúrthóra Feidhmiúcháin a éascú, a cuid oibre chun críche an 22 Meán Fómhair 2024; á chur i bhfáth nach mór d'oifigigh Frontex rannpháirtíocht in aon ghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh cearta bunúsacha a shárú go díreach nó go hindíreach a sheachaint; á chur in iúl gur geal léi tiomantas treisithe Frontex don trédhearcacht agus don chuntasacht; á chur i bhfáth go bhfuil gá le faisnéis iar-oibríochta atá níos mionsonraithe;

39. á chur in iúl gur geal léi gur bunaíodh an Painéal um Chomhlíonadh Chearta Bunúsacha, lena ndeimhnítear gur freagracht atá comhroinnte ar fud na gníomhaireachta é cearta bunúsacha a chomhlíonadh i ngníomhaíochtaí uile Frontex agus ag aithint an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta um Chearta Bunúsacha;

40. á aithint an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta um Chearta Bunúsacha agus ag spreagadh Frontex leanúint d'iarrachtaí réamhghníomhacha chun páirt a thabhairt d'údaráis náisiúnta i gcur chun feidhme agus i n-athbhreithniú rialta, i bhfianaise a ábhartha atá sé do chomhpháirteanna uile an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh (EBCG);

41. ag tabhairt dá haire go raibh an ráta áitíochta 85.3 % (2 773 phost líonta) faoi bhun an 93 % spriocdhírithe agus á iarraidh ar Frontex leanúint dá iarrachtaí earcaíochta chun an ráta folúntais a laghdú a luaithe is féidir; ag moladh go láidir don ghníomhaireacht leanúint dá hiarrachtaí i dtreo cothromaíocht gheografach agus inscne;

42. á chur in iúl gur geal léi gur cuireadh an nós imeachta tairisceana maidir le cur chun feidhme an chórais do Dhoiciméid Bhréagacha agus Doiciméid Bharántúla ar Líne (FADO) i gcrích, gur roghnaíodh conraitheoir, gur síníodh an conradh, agus go bhfuil tús curtha le céim an chur chun feidhme; á chur in iúl gur saoth léi, áfach, an mhoill ar chur chun feidhme FADO, ó tháinig Rialachán FADO i bhfeidhm cheana féin i mí

Aibreáin 2020, á iarraidh ar Frontex FADO a chur chun feidhme go hiomlán;

43. ag tabhairt dá haire go bhfuil ról méadaithe ag Frontex i dtríú tíortha, go háirithe trí roinnt Comhaontuithe Stádais agus Comhaontuithe Oibre a thabhairt i gcrích agus a uasghrádú, chomh maith le tiomantas polaitiúil méadaithe; á chur i bhfios go láidir gur gá breithniú cúramach a dhéanamh ar oibleagáidí comhréireachta agus ceart bunúsach i ngníomhaíochtaí a bhaineann le tíortha nach bhfuil san Aontas, i bhfianaise na dtimpeallachtaí oibríochtúla éagsúla;

44. á thabhairt dá haire go bhfuil trí mholadh airgeadais OLAF á gcur chun feidhme go leanúnach agus go bhfuil na moltaí ón Ombudsman Eorpach mar spriocdháta don chur chun feidhme i mí na Bealtaine 2025; ag tathant ar Frontex a áirithiú, gan a thuilleadh moille, go gcuirfear chun feidhme go hiomlán na moltaí uile ó chomhlachtaí Eorpacha iniúchóireachta agus grinnscrúdaithe, go háirithe OLAF agus na moltaí sin ó Mheitheal um Ghrinnscrúdú Frontex de Pharlaimint na hEorpa, ón Ombudsman Eorpach, ón gCúirt agus ó Mheitheal Frontex um Chearta Bunúsacha agus um Ghnéithe Oibríochtúla Dlíthiúla d'Oibríochtaí; ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, nach bhfuil aon chás a bhaineann le moltaí FSWG ar feitheamh go sonrach ó mhí na Nollag 2023, gur cuireadh 39 moladh chun feidhme agus gur dúnadh 3 mholadh toisc nach raibh siad indéanta; ina theannta sin, ó mhí Dheireadh Fómhair 2024 ar aghaidh, níl aon ghníomhaíocht fós ar feitheamh i ndáil le tuarascáil OLAF, ós rud é gur cuireadh 100 % de na gníomhaíochtaí chun feidhme; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfar obair leantach ar thorthaí OLAF agus OIPE maidir le Frontex le hamlínte soiléire don chur chun feidhme agus, i gcás inar gá, le bearta araíonachta; á iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach moltaí reachtacha agus moltaí a bhaineann le rialachas na dtuarascálacha thuasluaite uile a léiriú ina thogra le haghaidh Rialachán nua;

45. á thabhairt dá haire gur chaith an tOifigeach um Chearta Búnúsacha thart ar 1 850 lá san obair allamuigh in 2024, méadú níos mó ná 10 % i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, agus faireachán á dhéanamh aici ar ghníomhaíochtaí Frontex i 24 thír; á thabhairt dá haire na feabhsuithe a tugadh faoi deara maidir le rochtain an Oifigigh um Chearta Bunúsacha ar réimsí, gníomhaíochtaí agus doiciméid oibríochtúla; á thabhairt chun suntais, áfach, gur lean an tOifigeach um Chearta Bunúsacha de theorainneacha a thuairisciú maidir le rochtain a fháil ar réimsí nó gníomhaíochtaí oibríochtúla; á iarraidh ar na Ballstáit agus ar thríú tíortha rochtain iomlán ar réimsí agus gníomhaíochtaí oibríochtúla a chur ar fáil don Oifigeach um Chearta Bunúsacha; ag tathant ar Frontex rochtain iomlán den sórt sin a áirithiú láithreach, mar choinníoll le haghaidh rannpháirtíocht in oibríocht chomhpháirteach;

Cuid VI – Urscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí don bhliain airgeadais 2024

46. á thabhairt dá haire go raibh buiséad oibriúcháin 2024 Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL) EUR 12 589 437, rud a léiríonn méadú 12,3 % i gcomparáid leis an mbuiséad deiridh do 2023; á chur in iúl gur geal léi, gurbh é 100 % ráta chur chun feidhme na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas ag CEPOL in 2024, rud a fhágann gurb í an tríú bliain as a chéile é ina bhfuil an cur chun feidhme iomlán bainte amach;

47. á aithint go gcuireann CEPOL punann oiliúna chuimsitheach ar fáil maidir le gach réimse den Ardán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla; á thabhairt dá haire gurbh iad ábhair maidir le hArdán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla agus an Chibearchoireacht na hábhair ba choitianta ar ar fhreastail beagnach 64 % de líon iomlán na rannpháirtithe in 2024; ag moladh CEPOL as cáilíocht tháirgí na gníomhaireachta arna dtomhas ag ráta sástachta na gcustaiméirí a bheith fós ard in 2024, agus 97 % de rannpháirtithe ar an iomlán ag rá go raibh siad an-sásta nó sásta leis na gníomhaíochtaí;

48. á aithint gur fhulaing an ghníomhaireacht cibirionsaí ollmhór an 30 Bealtaine 2024, agus gur measadh go raibh a bonneagar TFC ar an áitreabh chomh maith leis an ardán ríomhfhoghlama LEEd go hiomlán i mbaol; á chur in iúl gur geal léi an cur chuige comhordaithe a ghlac an ghníomhaireacht i ndlúthchomhar le CERT-EU agus leis an gCoimisiún maidir le bonneagar TF nua agus slán a thógáil; á thabhairt dá haire go bhfuair CEPOL cistiú breise EUR 1 153 938 a bhí ceaptha chun tacú leis na costais bhreise i réimse TF (EUR 1 064 000) agus le hathneartú tuarastail (EUR 89 938);

49. á aithint gur tháinig laghdú suntasach ar fhor-rochtain oifigeach oilte um fhorfheidhmiú an dlí ó Bhallstáit an Aontais mar thoradh ar an gcibearionsaí; á aithint, d'ainneoin an chibirionsaithe, gur chuir an ghníomhaireacht 350 gníomhaíocht chun feidhme ar fhreastail thart ar 21 600 rannpháirtí orthu in 2024, i gcomparáid le 490 gníomhaíocht (-29 %) agus 46 431 rannpháirtí (-54 %) in 2023;

50. á thabhairt dá haire, cé go bhfuil a n-imscrúdú ar an gcibirionsaí curtha i gcrích ag CERT-EU, go bhfuil an t-imscrúdú coiriúil a sheol forfheidhmiú an dlí san Ungáir, le tacaíocht ó Europol, fós ar siúl; á chur i bhfáth go bhfuil Parlaimint na hEorpa ag súil go gcuirfear ar an eolas í faoi thorthaí an imscrúdaithe;

51. á chur in iúl gur geal léi gur lean CEPOL de phunann cibearoiliúna a chur ar fáil trína Acadamh Cibearchoireachta CEPOL; á chur in iúl gur geal léi gur chuir na gníomhaíochtaí oiliúna tiomnaithe feabhas ar eolas cibearchoireachta agus ar chibear-acmhainneachtaí san Eoraip i réimsí an chomhraic in aghaidh teacht i dtír gnéasach ar leanaí, scéimeanna calaoise ar líne agus cibirionsaithe;

52. á thabhairt dá haire, agus é ina chúis aiféala di, gur tháinig laghdú ar na gníomhaíochtaí oiliúna i réimse na gceart bunúsach in 2024 (nuair a cuireadh 10 ngníomhaíocht chun feidhme le 427 rannpháirtí) i gcomparáid le 2023 (19 ngníomhaíocht le 2 063 rannpháirtí); á chur i bhfios go láidir gurb é príomhchuspóir CEPOL tacú le hoiliúint d'oifigigh forfheidhmithe dlí, í a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a chomhordú, agus béim ar leith á leagan ar chearta an duine agus saoirsí bunúsacha a chosaint i gcomhthéacs fhorfheidhmiú an dlí;

Cuid VII – Urscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht Drugaí an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024

53. á thabhairt dá haire gur tháinig Gníomhaireacht Drugaí an Aontais Eorpaigh nua (EUDA) in áit an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí go hoifigiúil an 2 Iúil 2024; á mheabhrú go bhfuil sé beartaithe ag Rialachán EUDA aghaidh a thabhairt ar fheiniméan na ndrugaí trí chur chuige iomlánaíoch agus fianaise-bhunaithe;

54. á thabhairt dá haire, chun a chúraimí nua a chomhlíonadh, gur thairbhigh EUDA in 2024 de mhéadú níos mó ná 80 % sa bhuiséad bliantúil agus d'earcú foirne chun 28 bpost nua a líonadh; á iarraidh ar EUDA a áirithiú go gcuirfear a shainordú nua chun feidhme go hiomlán;

55. á thabhairt dá haire gurbh é EUR 32 723 728 an méid a bhí i mbuiséad oibriúcháin EUDA 2024; á chur in iúl gur geal léi, in 2024, gurbh é 100 % ráta cur chun feidhme na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas ag EUDA; á thabhairt dá haire, áfach, agus é ina ábhar imní di, gurbh é 10,49 % ráta cealaithe leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí 2024, a chomhfhreagraíonn do chealú EUR 3 401 035; á aithint go bhfuil an ráta cealaithe sin mar thoradh ar na srianta a rinne difear do chumas EUDA a bhuiséad 2024 a chaitheamh go dtí gur thosaigh sainordú nua na gníomhaireachta an 2 Iúil 2024;

56. á chur in iúl gur geal léi rannchuidiú EUDA le hArdán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla agus le pleananna gníomhaíochta oibríochtúla thimthriall beartais an Aontais maidir leis an gcoireacht idirnáisiúnta eagraithe agus thromchúiseach; á chur in iúl gur mór aici forbairt an Chórais Eorpaigh um Rabhadh Drugaí chun foláirimh a eisiúint nuair a thagann rioscaí tromchúiseacha a bhaineann le drugaí ar an margadh; á chur in iúl gur geal léi seoladh an Líonra Eorpaigh de Shaotharlanna Fóiréinseacha agus Tocsaineolaíocha agus an Chórais Eorpaigh um Measúnú ar Bhagairtí;

57. á chur in iúl gur geal léi na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag EUDA chun Córas Luathrabhaidh an Aontais a chur chun feidhme i gcomhar le comhpháirtithe sna Ballstáit; á thabhairt dá haire gur tugadh fógra faoi 47 shubstaint shícighníomhacha nua agus gur thart ar 1 000 líon iomlán na substaintí sícighníomhacha nua a ndéantar faireachán orthu faoi láthair; á chur in iúl gur mór aici na tuarascálacha teicniúla arna bhfoilsiú ag an ngníomhaireacht;

58. á aithint gur tháirg EUDA 33 fhoilseachán eolaíocha agus institiúideacha in 2024, agus gur raibh sí ina údar nó ina comhúdar ar 16 alt eolaíocha agus chaibidil leabhair freisin, agus á chur in iúl gur mór aici an saineolas eolaíoch agus fianaisebhunaithe a chuir an ghníomhaireacht ar fáil;

59. á chur in iúl gur geal léi seoladh Thuarascáil Eorpach 2024 maidir le Drugaí agus a fócas ar shubstaintí sintéiseacha láidre, ar mheascáin nua drugaí agus ar phatrúin athraitheacha úsáide;

60. á thabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, go ndearna EUDA tacaíocht agus faisnéis luachmhar maidir le beartais drugaí a chur ar fáil go rialta do lucht ceaptha beartas náisiúnta agus gur chomhordaigh sí athbhreithnithe ullmhúcháin eolaíocha maidir le díobháil a bhaineann le drugaí, le cóireáil agus le cleachtais i ndáil le laghdú díobhála; ag leagan béim ar a thábhachtaí atá sé leanúint den obair bhunriachtanach sin chun aghaidh a thabhairt ar threochtaí agus ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn agus á iarraidh go neartófaí na gníomhaíochtaí sin tuilleadh trí chomhar níos dlúithe leis na Ballstáit a chothú agus trína áirithiú go scaipfear na torthaí go cuí ar phobal níos leithne, lena n-áirítear gairmithe cúraim sláinte agus an pobal i gcoitinne;

61. á thabhairt chun suntais gur chuir EUDA oiliúint ar níos mó ná 11 700 gairmí atá ag

obair i réimse na ndrugaí, lena n-áirítear oibrithe sláinte, oifigigh forfheidhmithe dlí agus lucht ceaptha beartas laistigh den Aontas agus lasmuigh de agus gur fhreastail thart ar 1 400 gairmí ar na hocht seimineár gréasáin a d'eagraigh EUDA; á chur in iúl gur geal léi an comhar le Gníomhaireachtaí eile den Aontas;

Cuid VIII – Urscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí don bhliain airgeadais 2024

62. á thabhairt chun suntais gur thacaigh Europol in 2024 le 3 324 oibríocht, 65 thascfhórsa oibríochtúla, agus 432 lá gníomhaíochta; á chur i bhfios go láidir ról na gníomhaireachta mar mhol faisnéise coiriúla an Aontais, ós rud é gur úsáideadh SIENA (Feidhmchlár Líonra um Malartú Slán Faisnéise) chun os cionn 2 mhilliún teachtaireacht a mhalartú, agus gur ghlac an ghníomhaireacht le 114 459 rannchuidiú oibríochtúil in 2024 tríd an líonra;

63. á thabhairt dá haire, thairis sin, gur sholáthair Europol 366 thuarascáil anailíse oibríochtúla agus 29 dtuarascáil anailíse straitéisí: á chur in iúl gur geal léi an leibhéal ard de shástacht na bpáirtithe leasmhara a léiríodh/a cuireadh in iúl maidir lena tháirgí anailíseacha;

64. á iarraidh ar Europol na moltaí eile arna n-eisiúint ag an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) a chur chun feidhme, go háirithe i gcomhthéacs a Thuairimí Maoirseachta; ag tabhairt dá haire gur thángthas ar roinnt easnamh mar chuid de chigireacht MECS a rinneadh i mí Dheireadh Fómhair 2023; á iarraidh, thairis sin, ar Europol na 23 mholadh eile a eisíodh a chur chun feidhme go pras chun comhlíonadh Europol leis an gcreat dlíthiúil cosanta sonraí a áirithiú nó a fheabhsú; ag tabhairt dá haire go measann Europol idir an dá linn go bhfuil thart ar 75 % de na moltaí, a bhaineann go príomha le próiseáil sonraí VIS agus PNR, curtha chun feidhme;

65. Tar éis an iomardaithe a eisíodh chuig Frontex in 2024, ina dtagraítear do mhalartú sonraí idir Europol agus Frontex a bhaineann le himircigh agus gníomhaithe gan aon chineál measúnaithe a dhéanamh ar an ngá atá le comhroinnt faisnéise den sórt sin, á iarraidh ar Europol agus ar Frontex araon oibriú go dlúth le MECS chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh aon mhalartú sonraí pearsanta maidir le daoine atá faoi dhrochamhras i gcoireanna trasteorann na rialacha cosanta sonraí is infheidhme agus sainorduithe na nGníomhaireachtaí faoi seach, agus ag an am céanna ligean dóibh a n-imscrúduithe a dhéanamh i gceart; ag tabhairt dá haire, sa chomhthéacs sin, an nuashonrú a chuir Europol ar fáil, lena gcuirtear chun suntais gur phróiseáil Europol 260 amhrastach ar an meán in aghaidh na bliana idir 2020 agus deireadh 2024 ó na ranníocaíochtaí a fuair Frontex;

66. á chur in iúl gur chúis imní di teagmhas slándála a tharla ag Europol ina ndeachaigh comhaid phearsanra riaracháin roinnt ball foirne agus bainistíochta de Europol ar iarraidh; á iarraidh ar an ngníomhaireacht bearta iomchuí a chur i bhfeidhm chun cosc a chur ar theagmhais den sórt sin tarlú arís; ag tabhairt dá haire, tar éis an fhaisnéisithe a chuir Europol ar fáil do Choiste LIBE an 9 Aibreán 2024, gur suíodh nach raibh aon tríú páirtí lasmuigh de Europol freagrach as an teagmhas, agus go ndearnadh bearta breise chun freagracht as an teagmhas a chaomhnú agus gur neartaíodh próisis, agus go ndearnadh 98 % de na comhaid phearsanra uile a dhigitiú idir an dá linn;

67. ag moladh Europol as a tuarascáil maidir le ‘Na líonraí coiriúla is bagraí san Aontas a dhíchódú’, táirge suaitheanta nua ina ndéantar cur síos ar an gcaoi a n-eagraítear na líonraí coiriúla is bagraí, ar na gníomhaíochtaí coiriúla a mbíonn siad ag gabháil dóibh, agus ar an gcaoi a n-oibríonn siad agus ar an áit a n-oibríonn siad; á chur in iúl gur geal léi gur bunaíodh Tascfhórsa Oibríochtúil (OTF) Europol GRIMM le déanaí, arb é is aidhm dó cur i gcoinne earcú daoine óga sa choireacht eagraithe agus dul i ngleic leis an bhfeiniméan ‘foréigean mar sheirbhís’ atá ag teacht chun cinn; ag spreagadh Europol agus na mBallstát leanúint de thascfhórsaí oibríochtúla tiomnaithe den sórt sin a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar threochtaí coiriúla atá ag teacht chun cinn trí chomhar trasteorann feabhsaithe, trí chomhroinnt faisnéise agus trí ghníomhaíocht choisctheach;

68. á chur in iúl gur geal léi na torthaí a leagtar amach i dTuarascáil Bhliantúil Chomhpháirteach Europol-Eurojust 2024, ina sonraítear an comhar rathúil atá bainte amach ag na gníomhaireachtaí i réimsí na coireachta eagraithe, na smuigleála imirceach, na gcoireanna airgeadais agus eacnamaíocha, na cibearchoireachta, agus na sceimhlitheoireachta agus na gcroíchoireanna idirnáisiúnta; á mheas gur cheart do ghníomhaireachtaí ábhartha uile AE - lena n-áirítear Europol, Eurojust, CEPOL, OLAF, OIPE agus eile - tuarascáil bhliantúil chomhpháirteach rialta a chur ar fáil ina leagfar amach a ngníomhaíochtaí comhordaithe, a n-oibríochtaí comhroinnte agus a n-éachtaí trasghníomhaireachta, chun trédhearcacht, comhleanúnachas agus foghlaim fhrithpháirteach a fheabhsú ar fud struchtúr ceartais agus gnóthaí baile an Aontais; á thabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, gur shaothraigh Europol agus Eurojust tuilleadh comhair agus sineirgí méadaithe, lena n-áirítear trí Chruinniú Comhpháirteach de Choláiste Eurojust agus Bord Bainistíochta Europol ‘Machnaimh ar chomhar’ a thionólfar an 9 Deireadh Fómhair 2024, ag Ceanncheathrú Eurojust;

69. á aithint na tuarascála ón ngníomhaireacht maidir le ‘Intleacht Shaorga agus póilíneacht – Buntáistí agus dúshláin na hintleachta saorga d’fhorfheidhmiú an dlí’, a foilsíodh i mí Mheán Fómhair 2024; agus á chur in iúl gur geal léi a léargais ar chumais IS atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, lena dtuartar cúrsa i dtreo samhail forfheidhmithe dlí níos éifeachtúla, níos freagrúla agus níos éifeachtaí agus béim á leagan ag an am céanna ar ábhair imní maidir le claontacht sonraí, cothroime, agus bagairtí a d’fhéadfadh a bheith ann maidir le príobháideachas, cuntasacht, cosaint chearta an duine agus idirdhealú; á iarraidh ar Europol forálacha an Ghnímh um an Intleacht Shaorga maidir le forfheidhmiú an dlí a urramú go hiomlán; á iarraidh ar Europol a áirithiú go gcuirfear treoir MECS chun feidhme go hiomlán ina leith sin, lena n-áirítear trína áirithiú go gcuirfear beartais láidre formhaoirseachta i bhfeidhm agus go bhforfheidhmeofar iad le haghaidh próisis a bhraitheann ar IS, lena ráthófar go mbeidh na torthaí uile a ghintear le IS faoi réir rialú daonna sula n-úsáidfear iad nó sula gcuirfear ar aghaidh chuig na Ballstáit nó chuig comhpháirtithe comhair iad;

70. ag tabhairt dá haire conclúidí fhiosrúchán Ombudsman an Aontais maidir le beirt iarbhall foirne a bhogadh chuig poist a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac; á mheabhrú gur chinn an tOmbudsman gurbh ionann an chaoi ar dhéileáil Europol le haistriú ball foirne amháin agus drochriarachán;

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR

I gcomhréir le hAirteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir don tuairim go bhfuil ionchur curtha san áireamh aige ina thuairim ar shaincheisteanna a bhaineann le hábhar an chomhaid a fuair sé, le linn ullmhú na tuairime, go dtí go nglacfar sa choiste í, ó na hionadaithe leasa seo a leanas a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach , nó ó na hionadaithe údarás poiblí tríú tíortha seo a leanas, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí:

1. Ionadaithe leasa a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach
Transparency International EU / EU transparency register: 501222919-71
2. Ionadaithe ó údaráis phoiblí tríú tíortha, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta
Ionadaí ar bith

Is faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara don tuairim a dhéantar an liosta thuas a tharraingt suas.

I gcás ina sainaithnítear daoine nádúrtha ar an liosta de réir a n-ainm, a bhfeidhme nó an dá cheann, dearbhaíonn an rapóirtéir don tuairim go ndearna sé Fógra Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa Uimh. 484 (https://www.europarl.europa.eu/data-protect/index.do) a chur faoi bhráid na ndaoine nádúrtha lena mbaineann, ar fógra é lena leagtar amach na coinníollacha is infheidhme maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus na cearta a bhaineann leis an bpróiseáil sin.

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH
AG AN gCOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Dáta an ghlactha	3.12.2025
Toradh na vótála críochnaithí	+: 48 –: 14 0: 9
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Magdalena Adamowicz, Abir Al-Sahlani, Giuseppe Antoci, Jaume Asens Llodrà, Pernando Barrena Arza, Nikola Bartůšek, François-Xavier Bellamy, Ioan-Rareş Bogdan, Saskia Bricmont, Jaroslav Bžoch, Damien Carême, Susanna Ceccardi, Caterina Chinnici, Veronika Cifrová Ostrihoňová, Alessandro Ciriani, Lena Düpont, Marieke Ehlers, Estrella Galán, Raquel García Hermida-Van Der Walle, Paolo Inselvini, Irena Joveva, Erik Kaliňák, Marina Kaljurand, Mariusz Kamiński, Fabienne Keller, Mary Khan, Alice Kuhnke, Murielle Laurent, Fabrice Leggeri, Jeroen Lenaers, Lukas Mandl, Michael McNamara, Ana Catarina Mendes, Verena Mertens, Nadine Morano, Matjaž Nemec, Ana Miguel Pedro, Ilaria Salis, Birgit Sippel, Krzysztof Śmiszek, Petra Steger, Cecilia Strada, Alice Teodorescu Måwe, Tomas Tobé, Milan Uhrík, Tom Vandendriessche, Kristian Vigenin, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Isabel Wiseler-Lima, Ewa Zajączkowska-Hernik, Alessandro Zan, Javier Zarzalejos, Tomáš Zdechovský
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Katarina Barley, Anna Maria Cisint, Markéta Gregorová, Monika Hohlmeier, Nikola Minchev, Javier Moreno Sánchez, Jan-Christoph Oetjen, Leoluca Orlando, Oliver Schenk, Sebastian Tynkkynen, Alexandre Varaut, Maciej Wąsik
Feisirí dá dtagraítear i Riail 216(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Stefano Cavedagna, José Cepeda, Pietro Fiocchi, Andrey Kovatchev, Marcos Ros Sempere, Michał Szczerba, Catarina Vieira

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAOCH ROLLA
AG AN gCOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

48	+
Grúpa Pháirtí an Phobail Eorpaigh (Na Daonlathaithe Críostaí)	Magdalena Adamowicz, François-Xavier Bellamy, Ioan-Rareş Bogdan, Caterina Chinnici, Lena Düpont, Monika Hohlmeier, Andrey Kovatchev, Jeroen Lenaers, Lukas Mandl, Verena Mertens, Nadine Morano, Ana Miguel Pedro, Oliver Schenk, Michał Szczerba, Alice Teodorescu Måwe, Tomas Tobé, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Isabel Wiseler-Lima, Javier Zarzalejos, Tomáš Zdechovský
An Grúpa ‘Tírghráthóirí don Eoraip’	Tom Vandendriessche
An Grúpa Renew Europe	Abir Al-Sahlani, Veronika Cifrová Ostrihoňová, Raquel García Hermida-Van Der Walle, Irena Joveva, Fabienne Keller, Michael McNamara, Nikola Minchev, Jan-Christoph Oetjen
An Grúpa d’Aontas Forchéimnitheach na Sóisialaithe agus na nDaonlathaithe i bParlaimint na hEorpa (S&D)	Katarina Barley, José Cepeda, Marina Kaljurand, Murielle Laurent, Ana Catarina Mendes, Javier Moreno Sánchez, Matjaž Nemec, Marcos Ros Sempere, Birgit Sippel, Krzysztof Śmiszek, Cecilia Strada, Kristian Vigenin, Alessandro Zan
Na Glasaigh/ALE	Jaume Asens Llodrà, Saskia Bricmont, Markéta Gregorová, Alice Kuhnke, Leoluca Orlando, Catarina Vieira

14	-
An Grúpa do Choimeádaigh agus Leasaitheoirí na hEorpa	Mariusz Kamiński, Sebastian Tynkkynen, Maciej Wąsik
An Grúpa 'Eoraip na Náisiún Ceannasach’ (ESN)	Mary Khan, Milan Uhrík, Ewa Zajączkowska-Hernik
NI	Erik Kaliňák
An Grúpa ‘Tírghráthóirí don Eoraip’	Nikola Bartůšek, Susanna Ceccardi, Anna Maria Cisint, Marieke Ehlers, Fabrice Leggeri, Petra Steger, Alexandre Varaut

9	0
An Grúpa do Choimeádaigh agus Leasaitheoirí na hEorpa	Stefano Cavedagna, Alessandro Ciriani, Pietro Fiocchi, Paolo Inselvini
An Grúpa ‘Tírghráthóirí don Eoraip’	Jaroslav Bžoch
An Chlé	Pernando Barrena Arza, Damien Carême, Estrella Galán, Ilaria Salis

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar

- : i gcoinne
0 : staonadh